

TEANGA AGUS CULTÚR: COMHAD TIONSCADAIL

Marie Whelton

Ábhar Tacaíochta don S.C.G.

Samplaí d'Áiseanna Teagaisc don Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha
(FCÁT)

Sliocht (le réamhrá mínitheach) as: Mac Suibhne, Aodán agus Whelton, Marie (údair),
Cóir Ghaoithe: Cúrsa Ullmhúcháin don Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge.
Institiúid Oideachais Marino, 219-264. Cóip an údair.

© Íomhánna: *Clipart Microsoft*, ceadúnas: 2618911, nó grianghraif leis an údar, nó feic creidiúintí in aice
leis na híomhánna.



An Associated College of
Trinity College Dublin, the University of Dublin



RÉAMHRÁ

Bíonn ar iarrthóirí ar an Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge ‘Comhad Tionscadail (Teanga agus Cultúr)’ a ullmhú. Tá sé d’aidhm ag an gComhad Tionscadail a chur ar chumas iarrthóirí gnéithe d’Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta a mhúineadh trí mheán na Gaeilge. Bíonn an bhéim sa Chomhad Tionscadail ar an nGaeilge a bhíonn ag teastáil ó iarrthóirí chun gnéithe den stair áitiúil, den bhéaloideas, den tíreolas agus den eolaíocht (imshaoil daonna agus imshaoil nádúrtha) a mhúineadh. Áiseanna teagaisc do Rian Áitiúil atá sa Chomhad Tionscadail go bunúsach.

Cúig stad atá sa Rian. Clúdaíonn gach stad ceann amháin de na réimsí seo a leanas:

1. Logainmneacha i gceantar na scoile;
2. Saol an phobail thart ar an scoil;
3. Mórfhéilte agus Féilte áitiúla;
4. Ainmhithe agus plandaí i gceantar na scoile;
5. Foirgnimh agus fothracha i ndúiche na scoile.

Cúig chuid a bhíonn sa Chomhad Tionscadail, freisin:

1. Brollach – cuspóirí agus liosta foinsí a ceadaíodh sa taighde áitiúil;
2. Bileoga eolais an mhúinteora ar a bhfuil eolas agus béaloideas (ceann do gach stad);
3. Grianghraif de chúig phóstaer a úsáidtear sa seomra ranga chun tacú le ceachtanna faoin rian;
4. Rianleabhar an pháiste (le clúdach, treoracha agus gníomhaíochtaí do gach stad);
5. Grianghraf de léarscáil den rian a chruthaítear leis na páistí.

Tá sampla de Chomhad Tionscadail le Marie Whelton anseo thíos (suite faoin tuath) agus tá sampla de cheann eile le hAodán Mac Suibhne (suite sa chathair) ar fáil ag: <https://ilrweb.ie/wp-content/uploads/2020/09/Sampla-B-de-Chomhad-Tionscadail-compressed-1.pdf>. Tá go leor eolais faoin gComhad Tionscadail agus faoin S.C.G. ag: <https://ilrweb.ie/scg-cuairt-scoile-p-2>

SAMPLA DE CHOMHAD TIONSCADAIL:
TEANGA AGUS CULTÚR

Rian Áitiúil:
Tigh Molaige, Contae Chorcaí
(Oiriúnach do na Ranganna Sinsearacha)

BROLLACH

CUSPÓIRÍ

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

- An Ghaeilge a úsáid go nádúrtha lasmuigh den seomra ranga trí obair pháirce ghníomhach;
- Gnéithe de Theanga agus Chultúr, agus go háirithe gnéithe den bhéaloideas, sa cheantar áitiúil a aithint agus a ainmniú;
- Bunús Gaeilge roinnt logainmneacha áitiúla a fhiosrú;
- Treoir shimplí a leanúint;
- Foclóir Gaeilge a leathnú – bláthanna, foirgnimh, saol an phobail agus féilte.
- Ceisteanna as Gaeilge a chur agus a fhreagairt;
- Eachtraí a chur in ord agus léarscáil shimplí Ghaeilge a dhéanamh.

FOINSÍ

Foinsí áitiúla

Coombes, J., *Timoleague and Barryroe*. Timoleague Muintir na Tíre (Friary Preservation Committee): Timoleague, 1969.

Enright, D., *Walks of Courtmacsherry Bay & The Seven Heads*. Merlin Press: Timoleague, 1998.

Roberts, J., *Antiquities of West Cork: Illustrated Map and Guide*. Bandia Publishing: Sligo, níl dáta luaite.

The History of Timoleague Abbey and Surrounding Areas. Timoleague Community Association Limited: Timoleague, níl dáta luaite.

Guide to Courtmacsherry. Courtmacsherry Community Development Association: Courtmacsherry, níl dáta luaite.

Agallamh le feirmeoir áitiúil: William Flynn, Ballyhigeen.

Grianghraif agus pictiúir le Jennifer Whelton, Noreen Whelton, John Fitzgerald agus ó <https://commons.wikimedia.org/wiki>.

Foinsí eile

Madden, P. & Rollins, M., 'Trails / Rianta: <https://www.blackrockec.ie/projects-blackrock-education-centre/trails.html>.' Ionad Oideachais na Carraige Duibhe: Baile Átha Cliath, 2005.

Mac Ginneá, M. & Ní Nuadháin, M., *Dúlra agus Dúchas: Our Heritage*. An Gúm & An Roinn Oideachais: Baile Átha Cliath, 1979, 1993.

Forey, P. & Fitzsimons, C., *Bláthanna Fíáine. Eolaí Póca*. An Gúm: Baile Átha Cliath, 1990.

Farming, Irish Examiner. 6 Aibreán, 2006.

The Farmer's Journal. 22 Iúil, 2006.

Cork and County Advertiser. Meitheamh – Iúil, 2006.

<https://www.askaboutireland.ie/>

<https://www.answers.com/>

BILEOGA EOLAIS AN MHÚINTEORA

1. Foirgnimh Stairiúla i gCeantar na Scoile An Mhainistir, Tigh Molaige

Suíomh agus Logainm

Iarthar Chorcaí



Tigh = teach

Molaga = Naomh áitiúil

Naomh Molaga

Bhunaigh sé séipéal i dTigh Molaige.

Scéalta Faoi Mholaga

An phunann choirce (sheaf of oats) agus an choinneal.

Thug sé na beacha go hÉirinn.

Bhí an-ghrá ag muintir na háite dó mar thug sé aire do dhaoine breoite.

Fuair sé bás den phlá sa bhliain 665.

Na Manaigh (Proinsiasaigh)

Bhí na manaigh sa mhainistir faoin mbliain 1320.

Chuaigh na daoine ar Aifreann sa mhainistir.

Bhí cistin mhór ag na manaigh.

Thug siad bia agus cabhair do dhaoine bochta.

Bhí scoil sa mhainistir agus leabharlann cháiliúil.

Scoláirí cáiliúla a thug cuairt ar an mainistir: Micheál Ó Cléirigh; Seán Ó Coileáin.



Deireadh

Dódh an Mhainistir sa bhliain 1642.

D'imigh na manaigh dheireanacha sa bhliain 1872.

Scéalta Béaloidis Eile

- Scéal faoi Easpag Protastúnach. Thóg sé nithe ón mainistir ach an muileann a thóg sé, thit sé as a chéile.
- Scéal faoi Mhainistir Sasanach. Ghoid sé dair ó chillíní na manach. Chuaigh a bhád go tóin poill agus é ag imeacht ón áit.
- Scéal faoi 'Leabhar Thig Molaige'. Bhí leabhar (lámhscríbhinn thábhachtach, b'fhéidir) i dtaisce sa bhalla ach d'imir buachaillí scoile peil leis.
- Scéal faoi Chailís (Chalice) Thig Molaige. Bhí an chailís i dtaisce i dteach ar Oileán Cléire.



2. Logainmneacha i gCeantar na Scoile An Comhartha Bóthair i dTigh Molaige

Log = Áit. Tugann logainmneacha leideanna beaga faoi stair na háite.
Bris an t-ainm síos i míreanna.



Cloich na Coillte

Cloich /cloicha = Cloch nó carraig.

Coillte = Áiteanna a mbíonn crainn ag fás.

Tá leagan Gaeilge eile den ainm ann, ‘**Clanna Caoilte**’ (tá sampla de ar chomhartha eile ar an rian). Níl na saineolaithe ar aon fhocal faoi cé acu atá ceart. Ceaptar go dtagann ‘clanna’ ó ‘chlann’ agus go bhfuil baint ag an ainm le tuath (tribe) éigin.

Barra Rua

Barra = Barraigh = Áit a raibh cónaí ar Mhuintir De Barra. Bhí clú ar mhuintir De Barra sa cheantar seo. Daoine uaisle de shliocht Normanach ab ea iad.

Rua = Dearg.

Cionn tSáile

Cionn = Píosa talún fada a ghubann amach san fharraige a bhfuil uisce ar thrí thaobh de.

Sáile = Uisce le salann ann.

Dr. na Bandan

Dr. = **Droichead** = Bealach trasna ar abhainn

Bandan = Bandia.

Cúirt Mhic Shéafraidh

Cúirt = Áit chónaithe mhór.

Mac Séafraidh = Sloinne a chiallaíonn ‘MacSherry .i. Geoffrey’s Son’ as Béarla. An sloinne Sasanach, ‘Hodnett,’ a bhí ar an té a thóg a ‘chúirt’ anseo. Ba as Shropshire, Sasana, dó ach ghlac a shliocht leis na nósanna gaelacha agus, mar chomhartha air sin, ghlac siad, freisin, le sloinne Gaelach (Mac Séafraidh) in áit a sloinne féin.

Trá Leathan

Trá = Cladach

Leathan = Mór i leithead

3. Saol an Phobail thart ar an Scoil An Feirmeoir Gráinne i dTigh Molaige



Cúlra

Tá an fheirmeoireacht an-tábhachtach in Éirinn. Tá tábhacht speisialta ag an **arbhar** i dTigh Molaige mar tá **stór gráinne (grain store)** againn.

Fearas ar Fheirm Ghráinne

Céachta – plough

Comh-bhuainteoir – combine harvester


Conraitheoir tuí – straw baler

Tarracóir – tractor

Tréiléar / Leantóir – trailer

An Feirmeoir Gráinne

Arbhar de thrí chineál a bhíonn ag fás i dTigh Molaige:



Obair an Fheirmeora

- **Treabhann** an feirmeoir san Earrach.
- Cuireann an feirmeoir **na síolta**.
- Coinníonn sé / sí **smacht ar fhiailí**.
- San fhómhar baineann an feirmeoir an t-arbhar le **comh-bhuainteoir**.
- Tugtar an t-arbhar go Tigh Molaige le **tarracóir agus leantóir**.
- **Meánn** (they weigh), **triomaíonn** (they dry) agus a **stóráilann** (they store) siad an t-arbhar sa stór gráinne.

4. Mórfhéilte agus Féilte Áitiúla

An Fhéile Áitiúil, 15 Lúnasa: Turas go dtí An Tobar Beannaithe




An Tobar Beannaithe, Leitir Choilm, Tigh Molaige

Cúlra

Ar an 15 Lúnasa, Lá Fhéile Muire san Fhómhar, tagann daoine chun deastógáil (assumption) na Maighdine Muire a cheiliúradh.

Paidreacha agus Pátrúin

- Siúl timpeall an tobair;
- An Choróin Mhuire (Rosary) a rá;
- Uisce ón tobair a ól.



Béaloideas agus Traidisiúin

- Scéal faoi eascann (eel) mhíorúilteach. An duine a fheiceann í deirtear go bhfaighidh sé leigheas ar aon ghalar atá air.
- Nós rudaí: ceirt (rag) nó airgead, a fhágáil ag an tobair. Siombail den bhuíochas is ea an t-airgead.
- Lá na féile bíonn féile agus féasta in aice an tobair.

Uisce

Tá an t-uisce an-tábhachtach i saol an duine i gcoitinne. Creideann daoine, go mbíonn leigheas san uisce beannaithe.



5. Ainmhithe agus Plandaí i gceantar na Scoile Fásra ar Thaobh an Bhóthair agus sa Pháirc

An Chaisearbhán



Tréithe

Tá dath buí ar na bláthanna. Tagann ‘cloig’ bhána orthu. Síolta a bhíonn sa chlog.

Traidisiúin agus Scéalta

De réir an bhéaloidis is ionann an t-am reatha agus líon na n-análacha a thógann sé, chun na síolta ar fad ar chlog an chaisearbháin a shéideadh.

Deirtear, freisin, más féidir leat na síolta ar fad a shéideadh ón ngas, in aon anáil amháin, gur comhartha é sin go bhfuil duine i ngrá go mór leat.

Nóinín



Tréithe

Planda beag is ea an nóinín. Bíonn diosca buí ina lár agus ciorcal de pheitil thanaí bhána mórthimpeall ar an diosca.

Traidisiúin agus Scéalta

Soineantacht a shamhlaítear leis an nóinín de ghnáth.

Déanann páistí slabhraí le nóiníní a chaitheann siad mar sheodra.

Cam an Ime



Tréithe

Bíonn bláthanna buí, ar dhath an ime (the colour of butter), ar an bplanda.

Traidisiúin agus Scéalta

Cé nach bhfuil aon bhunús san fhírinne leis, ceapadh gur thug cam an ime dath órga don im.

Bhí nós ag iascairí tae, déanta le cam an ime, a chaitheamh ar an talamh ionas go dtiocfadh péisteanna amach.

Neantóg



Tréithe

Planda ard dúghlas.



Traidisiúin agus Scéalta


Tá seanfhocal sa Ghaeilge ‘Neantóg a dhóigh mé, copóg (dock) a leigheas mé.’

Déantar anraith neantóige (nettle soup) tríd an neantóg a fhiuchadh.

GRIANGHRAIF DE CHÚIG PHÓSTAER

(DON SEOMRA RANGA)





B L Á T H A N N A



Cam an Ime



Neantóg



Caisearbhán



Nóinín



RIANLEABHAR AN PHÁISTE

(GNÍOMHAÍOCHTAÍ DO GACH STAD)

Tigh Molaige



MO RIANLEABHAR

Ainm: _____

Rang: _____

Cén Treo?



Ar aghaidh go dtí **an Mhainistir** 😊

Trasna go dtí an **comhartha bóthair** 😊

Go dtí an **stór gráinne**: cas ar dheis ag an siopa, cas ar chlé, díreach ar aghaidh, an stór gráinne ar chlé 😊

Díreach ar aghaidh go dtí **an Tobar Beannaithe** 😊

Ag teacht amach, stop i **bpáirc an tobair** 😊

Eochair:

☞ = ar dheis

☜ = ar chlé

→| = trasna

➔ = ar aghaidh

Tabhair Aire ☠️!

Siúil – ná bí ag rith.

Siúil le do pháirtí oibre.

Siúil i líne.

Ná himigh as radharc an mhúinteora.

Tabhair aird ar fheadóg an mhúinteora.

Fearas

Peann Luaidhe

Fáinne Spóirt

Fad: 2 Uair

An Logainm



Féach ar an gcomhartha bóthair agus líon na bearnaí:

1. _____ Mhic Shéafraidh
2. _____ Leathan
3. _____ tSáile
4. _____ na Bandan

Tarraing líne agus meaitseáil gach focal le pictiúr:

1. Droichead



2. Trá



3. Cúirt



4. Cionn



Ar Chlé ➔

An Stór Gráinne



1. Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart:

1. Cuireann an feirmeoir síolta ag an am seo:

- A. Earrach B. Samhradh C. Fómhar D. Geimhreadh

2. Baineann an feirmeoir an t-arbhar ag an am seo:

- A. Earrach B. Samhradh C. Fómhar D. Geimhreadh

3. Ag baint an arbhair úsáideann an feirmeoir:

- A. Carr B. Comh-bhuainteoir C. Rothar D. Bus

2. Bris an cód!

✍ ✂ ✂ ✂ ✂ ✂ ✂ ✂ ✂ ✂ ✂ ✂ ✂ ✂ ✂ ✂
a b c d e f g h i á é l m n o

∞ ☉ ☺ ⊗ → ↑ ♀ 🏠
p r s t u í ó ú

1. ✍ ☉ ✂ ☺ ✍ ☉ = _____

2. 🏠 ☺ ☉ ✂ ✍ = _____

3. ✍ ☺ ✂ ☉ ✍ 🏠 = _____

4. 🏠 ✂ ✍ ✂ ✂ ✂ ↑ = _____

→ Díreach ar aghaidh



An Tobar Beannaithe



Críochnaigh na habairtí. Úsáid na focail seo:

Muire Uisce 15 Lúnasa Paidreacha

1. Tá _____ sa tobar.
2. Tá _____ sa dealbh.
3. Bíonn féile anseo ar _____.
4. Bíonn na daoine ag rá _____.

Fíor nó bréagach:

1. Fásann bláthanna in aice an tobair. Fíor
2. Tá trí chéim síos go dtí an t-uisce. _____.
3. Deirtear go bhfuil eascann sa tobar. _____.
4. Tagann daoine anseo ar 15 Iúil. _____.
5. Siúlann daoine timpeall an tobair nuair a bhíonn siad ag rá paidreacha. _____.



Bláthanna sa Pháirc

1. Scríobh an focal ceart in aice le gach pictiúr. Úsáid na focail seo:

Nóinín, Neantóg, Cam an Ime, Caisearbhán



fómhánna: https://en.wikipedia.org/wiki/List_of_Ranunculus_species#/media/File:Ranunculus_acris1.jpg; agus https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Dandelion_%28DSC_3602%29.jpg

2. Caithe an fáinne ar an talamh. Comhair na bláthanna atá san fháinne. Déan é ceithre huair.

Fáinne	1	2	3	4
Cam an Ime				
Nóinín				
Caisearbhán				

3. Cén bláth is fearr leat? _____

4. Cuir ciorcal timpeall ar ainmneacha na mbláthanna sa slabhra focal:
rónóinínceaisearbhánstcamanimedeneantóg

Ar Ais»»»»

GRIANGHRAF DE LÉARSCÁIL DEN RIAN

(LE CRUTHÚ LEIS NA PÁISTÍ)

